AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.3.2022
COM(2022) 118 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**lena ndéantar measúnú ar chur chun feidhme an Chláir um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht 2014 – 2020, agus ar an méid a baineadh amach**

{SWD(2022) 58 final} - {SWD(2022) 59 final}

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**lena ndéantar measúnú ar chur chun feidhme an Chláir um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht 2014 – 2020, agus ar an méid a baineadh amach**

Bhí sé mar aidhm leis an gClár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht ('clár REC') Eoraip na gceart agus an chomhionannais a fhorbairt a thuilleadh i gcomhréir leis an straitéis Eoraip 2020. Chuir an clár chun cinn na príomhluachanna ar a mbunaítear an tAontas Eorpach agus chuir sé leis an bhforbairt ar limistéar ina ndéantar an comhionannas agus cearta daoine, mar a chumhdaítear iad sa Chonradh ar an Aontas Eorpach, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta um chearta an duine, a chur chun cinn, a chosaint agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Sa tuarascáil seo leagtar amach na torthaí a fuarthas leis an gclár, i gcomhréir leis an oibleagáid in Airteagal 13.2(c) de bhunús dlí an chláir[1] ('an Rialachán). Cuireann an Rialachán ceangal ar an gCoimisiún Eorpach tuarascáil mheastóireachta *ex post* ar an gclár a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin 31 Nollaig 2021. Sa tuarascáil sin ní mór measúnú a dhéanamh ar an tionchar fadtéarmach agus ar inbhuanaitheacht éifeachtaí an Chláir, d'fhonn eolas a chur ar fáil le haghaidh cinneadh faoi aon chlár eile a bheadh ann ina dhiaidh sin. In 2021, áfach, bhí líon suntasach tionscadal (níos mó ná 40 %) fós ag dul ar aghaidh toisc saolré ilbhliantúil a bheith acu. Chuaigh an cás seo in olcas le paindéim COVID-19, arb í ba chúis le síneadh ama a chur le tréimhse roinnt tionscadal. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé indéanta meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh ar thorthaí fadtéarmacha an chláir ach ag céim níos déanaí.

Ar na cúiseanna sin, déanfar an mheastóireacht *ex post* in dhá chuid. Is é atá sa tuarascáil seo an chéad chuid den mheastóireacht. Tá sé bunaithe ar na sonraí atá ar fáil faoi láthair, soláthraítear leis forbhreathnú ar an gcaoi a leithdháiltear an cistiú agus déantar measúnú ann ar an méid a baineadh amach leis an gclár go dtí seo. Cé gur glacadh an clár nua um shaoránaigh, um chomhionannas, um chearta agus um luachanna le haghaidh 2021-2027 cheana (dá ngairtear 'clár CERV' anseo feasta), bunaithe, i measc rudaí eile, ar thorthaí mheastóireacht eatramhach clár REC 2014-2020, sa chéad chuid den mheastóireacht *ex post* a rinneadh ar an gclár roimhe seo tabharfar aird ar réimsí a d'fhéadfaí feabhas a chur orthu a mhéid a bhaineann leis an gclár nua CERV a chur chun feidhme.

Déanfar an dara cuid den mheastóireacht ag céim níos déanaí nuair a bheidh na sonraí deiridh uile ar fáil agus i gcomhar le meastóireacht eatramhach an Chláir CERV ina dhiaidh sin. Sa dara cuid seo déanfar measúnú ar thionchair fhadtéarmacha agus ar inbhuanaitheacht iarmhairtí an chláir. Soláthraítear sa chlár moltaí le haghaidh an chreata nua ilbhliantúil airgeadais i ndiaidh 2027, de réir mar is iomchuí.

Cé go ndéantar anailís ar gach clár oibre bliantúil ó 2014 go 2020 sa tuarascáil seo, ní raibh gach gníomhaíocht tosaithe ag tráth na meastóireachta seo. Dá bhrí sin, socraíodh an 31/12/2020 scoithdháta, chun raon feidhme na tuarascála seo a shainiú. Sa dara cuid den mheastóireacht *ex post* déanfar an forbhreathnú a chomhlánú trí anailís a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí atá fágtha.

[1]Rialachán (AE) Uimh. 1381/2013 an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear Clár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht don tréimhse 2014 go 2020 (IO L 354, 28.12.2013).

Tá an tuarascáil seo bunaithe ar thorthaí na meastóireachta[2] a ullmhaíonn an Coimisiún Eorpach, le tacaíocht ón gconraitheoir.

## 1. TABHAIRT ISTEACH AGUS CÚLRA

Cuireadh clár REC 2014-2020 in ionad na gclár a bhí i bhfeidhm sa chlárthréimhse 2007-2013, mar atá Clár Daphne III, an clár um chearta bunúsacha agus um shaoránacht agus dhá cheann de réimsí beartais an chláir maidir le dul chun cinn[3], mar atá ‘frith-idirdhealú’ agus ‘an comhionannas inscne’.

Cuireadh clár REC ar bun le Rialachán (AE) Uimh. 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Sa Rialachán leagtar amach a **chuspóir ghinearálta** mar seo a leanas:

- go gcuirfear leis an bhforbairt ar limistéar ina ndéantar an comhionannas agus cearta an duine, mar a chumhdaítear iad sa Chonradh ar an Aontas Eorpach, sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, sa Chairt agus sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta um chearta an duine a bhfuil an tAontas tar éis aontú dóibh, a chur chun cinn, a chosaint agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Is iad seo a leanas na **cuspóirí sonracha**:

- go gcuirfear chun cinn cur chun feidhme éifeachtach an phrionsabail nach ndéanfar idirdhealú ar bhonn ghnéas, thionscnamh ciníoch nó eitneach an duine, nó ar bhonn reiligiúin nó creidimh, míchumais, aoise nó gnéaschlaonta, agus go n-urramófar prionsabal an neamh-idirdhealaithe ar an mbonn dá bhforáiltear in Airteagal 21 den Chairt;
- go ndéanfar an ciníochas, an tseineafóibe, an homafóibe agus cineálacha eile éadulaingthe a chosc agus a chomhrac;
- go ndéanfar cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a chosaint;
- go gcuirfear chun cinn an comhionannas idir mná agus fir agus an príomhshruthú inscne;
- go ndéanfar an foréigean i gcoinne leanaí, daoine óga agus ban, agus grúpaí eile atá i mbaol a chosc agus a chomhrac;
- go ndéanfar cearta an linbh a chur chun cinn agus a chosaint;
- go gcuirfear leis an leibhéal is airde cosanta a áirithiú don phríobháideachas agus do shonraí pearsanta;
- go ndéanfar feidhmiú na gceart a eascraíonn as saoránacht an Aontais a chur chun cinn agus a fheabhsú;

[2]Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an tuarascáil maidir le cur chun feidhme an chláir um chearta, um chomhionannas agus um shaoránacht 2014-2020.
[3]Meastóireacht *ex post* ón gCoimisiún Eorpach (2015), maidir le cúig chlár a cuireadh chun feidhme faoi pheirspictíocht airgeadais 2007-2013 – tuarascáil chríochnaitheach. Meastóireacht shonrach ar an gclár: Clár Daphne, http://ec.europa.eu/justice/grants1/files/expost_evaluations_2007_2013/daphne_programme_evaluation__final_report.pdf; Meastóireacht shonrach ar an gclár: Cearta Bunúsacha agus Saoránacht, http://ec.europa.eu/justice/grants1/files/expost_evaluations_2007_2013/frc_programme_evaluation_final_report.pdf; meastóireacht *ex post* ar an gclár um fhostaíocht agus um dhlúthpháirtíocht shóisialta – PROGRESS 2007-2013 agus moltaí le haghaidh na gclár a thiocfaidh in ndiaidh PROGRESS 2014-2020 http://ec.europa.eu/social/BlobServlet?docId=12610&langId=en.

- go gcuirfear ar chumas daoine, i gcáil tomhaltóirí nó fontraithe sa mhargadh inmheánach, na cearta a eascraíonn ó dhlí an Aontais a fhorfheidhmiú, agus aird á tabhairt ar na tionscadail a mhaoinítear faoin gClár um Thomhaltóirí.

Cuireann an Coimisiún Eorpach an clár chun feidhme trí bhainistíocht dhíreach.

I dtéarmaí **cumhdach geografach**, bhí gach Ballstát den Aontas Eorpach incháilithe chun bheith rannpháirteach sa chlár agus, i gcás cuspóirí sonracha, bhí Lichtinstéin, an Íoslainn agus an tSeirbia incháilithe freisin.

## 2. PRÍOMHGHNÉITHE AGUS CUR CHUN FEIDHME AN CHLÁIR

I gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán **thacaigh an clár le raon leathan gníomhaíochtaí**, lena n-áirítear gníomhaíochtaí anailíseacha, an fhoghlaim fhrithpháirteach, comhar, gníomhaíochtaí ardaithe feasachta agus gníomhaíochtaí scaipthe, gníomhaíochtaí oiliúna, forbairt uirlisí amhail fearas/ábhar/curaclaim oiliúna, agus gníomhaíochtaí chun a chuspóirí sonracha a chur chun feidhme. Thacaigh an clár le **heagraíochtaí** atá gníomhach i réimse ceart sóisialta agus bunúsach ar fud na hEorpa, lena n-áirítear na heagraíochtaí seo a leanas: líonraí Eorpacha; eagraíochtaí príobháideacha nó poiblí atá dírithe ar neamhbhrabús de ghnáth; údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla i mBallstáit den Aontas Eorpach; eagraíochtaí na sochaí sibhialta; agus eagraíochtaí idirnáisiúnta.

Is **spriocghrúpa** é freisin an pobal i gcoitinne i dtíortha rannpháirteacha (grúpaí a bhainfeadh tairbhe as a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an chláir go díreach, nó a bhainfeadh tairbhe go hindíreach as an gclár a bheith curtha chun feidhme), ós rud é gurb é is aidhm do chuspóirí agus tionscnaimh an chláir comhionannas agus cearta daoine a chur chun cinn, a chosaint agus a chur chun feidhme go héifeachtach, go háirithe i gcás daoine a ndéantar idirdhealú, éadulaingt nó foréigean orthu, lena n-áirítear imircigh agus mionlaigh.

Mar a fhoráiltear sa Rialachán, d'úsáid an clár deontais ghníomhaíochta, deontais oibriúcháin agus gníomhaíochtaí soláthair mar na príomhshásraí cistiúcháin.

### 2.1. Cuspóirí sonracha an chláir

***Cuspóir sonrach 1: An neamh-idirdhealú a chur chun cinn***

Thacaigh an clár le tionscadail chun an t-idirdhealú a chosc agus a chomhrac ar fhorais gnéis, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiúin nó creidimh, míchumais, aoise nó claonadh gnéasach. Is príomhréimse é cur chun cinn imeascadh na Romach laistigh den chuspóir seo go háirithe. I ndáil leis sin, le clár REC tacaíodh le hardáin náisiúnta na Romach agus oibríodh i ndlúthchomhar le Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus a bpointí teagmhála náisiúnta leis na Romaigh agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a oibríonn i réimse an neamh-idirdhealaithe agus imeasctha na Romach. Faoin gclár maoiníodh gníomhaíochtaí líonra Eorpach na gcomhlachtaí comhionannais. Is é príomhchúram an líonra an comhar agus an malartú faisnéise a neartú, idir na comhlachtaí comhionannais náisiúnta a ainmníonn na Ballstáit, faoi thopaicí a bhaineann leis an neamh-idirdhealú.

***Cuspóir Sonrach 2: An ciníochas, an tseineafóibe, an homafóibe agus cineálacha eile éadulaingthe a chosc agus a chomhrac***

Chuir tionscadail a maoiníodh sa réimse seo le cur chun feidhme níos fearr reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá ann cheana agus coir fuatha agus fuathchaint a chomhrac. Go háirithe, leis na gníomhaíochtaí a maoiníodh tacaíodh le cosaint mionlach i gcoinne borradh a tháinig ar an bpobalachas, ar an antoisceachas agus ar an éadulaingt.

*Cuspóir Sonrach 3: Cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn*

Bhí sé mar aidhm leis an gcuspóir sonrach seo feasacht a mhéadú agus feabhas a chur ar chur chun feidhme cearta daoine faoi mhíchumas, bacainní a laghdú ar a rannpháirtíocht iomlán sa tsochaí agus ar theachtadh iomlán a gceart. Rinneadh é seo den chuid is mó trí bhíthin deontais oibriúcháin lenar tacaíodh le gníomhaíochtaí na líonraí atá ar an leibhéal Eorpach agus a cuireann ar son cearta daoine faoi mhíchumas, agus trí bhíthin gníomhaíochtaí soláthair lena ndírítear ar ghníomhaíochtaí bailithe sonraí, oiliúna agus ardaithe feasachta. Le clár oibre bliantúil 2014 tacaíodh le seoladh an chárta míchumais Eorpaigh chun taisteal trasteorann a éascú le haghaidh daoine faoi mhíchumas.

*Cuspóir Sonrach 4: An comhionannas idir mná agus fir a chur chun cinn*

Faoin gclár maoiníodh tionscadail chun tacú le tíortha rannpháirteacha agus le páirtithe leasmhara lena mbaineann an chothromaíocht inscne a fheabhsú i ngach réimse den saol, go háirithe i ndéanamh cinntí eacnamaíocha, agus neamhspleáchas eacnamaíoch comhionann idir mná agus fir a chur chun cinn. Le maoiniú faoin gcuspóir seo díríodh ar na bearnaí idir na hinscní maidir le pá, tuilleamh agus pinsin a laghdú freisin.

*Cuspóir Sonrach 5: An foréigean i gcoinne leanaí, daoine óga agus ban, agus grúpaí eile atá i mbaol a chosc agus a chomhrac*

Faoin gclár maoiníodh tionscadail lena gcuidítear íospartaigh foréigin a chosaint agus tacaíocht a thabhairt dóibh, amhail mná agus leanaí, agus gníomhaíochtaí chun feasacht a ardú agus chun foréigean a chosc, lena dtéitear i dteagmháil le heagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ag obair ar an talamh. Thacaigh sé le cóireáil a chur ar lucht déanta an fhoréigin freisin. Tá córais cosanta leanaí a neartú ar cheann de thosaíochtaí an Choimisiúin, agus thacaigh an clár le cearta leanaí imirceacha trí eagraíochtaí idirnáisiúnta a mhaoiniú a oibríonn go díreach le haghaidh na leanaí sin agus leis na leanaí sin.

*Cuspóir Sonrach 6: Cearta an linbh a chur chun cinn*

Cuirtear cearta an linbh chun cinn trí bhíthin tionscadail lena ndírítear ar cheartas a thacaíonn le leanaí agus ar chosaint leanaí leochaileacha (amhail leanaí a fhágann córais chúraim altrama agus leanaí atá i gcoimhlint leis an dlí) trí thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí oiliúna le haghaidh státseirbhísigh, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus dlíodóirí a oibríonn leo.

*Cuspóir sonrach 7: An príobháideachas agus sonraí pearsanta a chosaint*

Is é an clár príomhfhoinse cistiúcháin an Aontais Eorpaigh a mhéid a bhaineann le cosaint sonraí. Bhí na gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích laistigh den chuspóir sonrach seo nasctha go láidir leis an athchóiriú ar an gcosaint sonraí, rud a glacadh in 2016. Faoin gcuspóir seo, maoiníodh gníomhaíochtaí faoin gclár chun tacaíocht a thabhairt, go háirithe, do thrasuí agus do chur chun feidhme reachtaíocht cosanta sonraí nua an Aontais Eorpaigh ag na Ballstáit agus d’údaráis cosanta sonraí agus oifigigh cosanta sonraí a oiliúint.

*Cuspóir sonrach 8: Saoránacht an Aontais*

Faoin gclár maoiníodh tionscadail, ar ghníomhaíochtaí ardaithe feasachta iad den chuid is mó, chun tacú le saoránaigh an Aontais a chuimsiú i saol sibhialta agus saol polaitiúil an Aontais Eorpaigh. Áiríodh ar na tionscadail sin tionscadail chun cuidiú le saoránaigh a bheith ní b’fheasaí maidir leis na cearta atá acu a bhuí le saoránacht an Aontais. Maoiníodh feachtais faisnéise maidir leis na cearta a bhaineann le saoránacht an Aontais faoin gcuspóir sonrach seo, agus béim ar leith ar chearta vótála, i bhfianaise thoghchán Eorpach 2019.

***Cuspóir sonrach 9: Cearta tomhaltóirí nó fiontraithe***

Faoin gclár maoiníodh gníomhaíochtaí chun tacú le daoine aonair freisin, i gcáil tomhaltóirí nó fiontraithe sa mhargadh aonair, chun na cearta atá acu a bhuí le saoránacht an Aontais a fhorfheidhmiú. Tá sé d'aidhm ag cistí an Aontais sa raon seo cuidiú le heolas agus feasacht i leith cearta tomhaltóirí a mhéadú, go háirithe sa mhargadh digiteach.

### 2.2. Buiséad

I dtábla 1 thíos léirítear leithdháiltí bliantúla an bhuiséid, leithdháiltí ar fiú EUR 426.8 m iad le haghaidh na clárthréimhse ar fad. Méadaíodh na méideanna gach bliain ó EUR 54.2 m in 2014 go EUR 67.9 m in 2020.

**Tábla 1. Méid an bhuiséid arna bheartú de réir bliana**

| Bliain Airgeadais | An méid atá beartaithe (EUR) | Méadú bliantúil (%) |
|---|---|---|
| 2014 | 54 158 000 | - |
| 2015 | 56 323 637 | 4.0 % |
| 2016 | 58 852 000 | 4.5 % |
| 2017 | 62 515 000 | 6.2 % |
| 2018 | 62 282 000 | -0.4 % |
| 2019 | 64 771 000 | 4.0 % |
| 2020 | 67 913 000 | 4.9 % |
| **Iomlán** | **426 814 637** | |

*Foinse: cláir oibre bhliantúla 2014-2020*

Leithdháileadh an chuid ba mhó de bhuiséad an chláir (25 %) ar an gcuspóir sonrach 'foréigean a chosc (Daphne)'. Ba é an cuspóir sonrach lena raibh an dara leithdháileadh buiséid ba mhó i gceist an cuspóir chun an neamh-idirdhealú a chur chun cinn (22 %). Tá an dáileadh iomlán le fáil i dtábla 2 thíos.

**Tábla 2. Cuspóirí sonracha agus na méideanna atá beartaithe**

| Cuspóir Sonrach | Buiséad (EUR) | Sciar |
|---|---|---|
| An foréigean i gcoinne leanaí, daoine óga, ban, agus grúpaí eile atá i mbaol a chosc (Daphne) | 109 835 157 | 25.73 % |
| An neamh-idirdhealú a chur chun cinn | 93 294 280 | 21.86 % |
| An ciníochas, an tseineafóibe, an homafóibe agus cineálacha eile éadulaingthe a chosc agus a chomhrac | 56 321 000 | 13.20 % |
| An comhionannas idir mná agus fir agus príomhshruthú inscne a chur chun cinn | 50 066 000 | 11.73 % |
| Cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn | 44 034 000 | 10.32 % |
| Cearta an linbh a chur chun cinn | 31 740 200 | 7.44 % |
| Na cearta a eascraíonn ó shaoránacht an Aontais a chur chun cinn | 19 571 000 | 4.59 % |
| An leibhéal is airde cosanta sonraí a áirithiú | 11 783 000 | 2.76 % |
| Cearta tomhaltóirí a chur chun feidhme | 10 170 000 | 2.38 % |
| **Iomlán** | **426 814 637** | **100 %** |


*Foinse: cláir oibre bhliantúla 2014-2020*

### 2.3. Cur chun feidhme

Bhí **81 ghlao ar thograí** san iomlán beartaithe sa tréimhse 2014-2020. Bhain an chuid ba mhó de na glaonna sin leis an gcuspóir sonrach 'foréigean a chosc (Daphne)', is é sin 18 nglao. Mar gheall gur maoiníodh an cuspóir sonrach maidir le cearta tomhaltóirí trí bhíthin an tsoláthair amháin, ní raibh aon ghlao ar thograí ann a bhain leis sin. San iomlán, dámhadh **942 dheontas, idir dheontais ghníomhaíochta agus oibriúcháin** i gcaitheamh thréimhse an chláir.

Is féidir an cion ba mhó de na gníomhaíochtaí a maoiníodh le tionscadail REC idir 2016 agus 2020 a aicmiú mar 'ghníomhaíochtaí oiliúna' (35 %).

**Figiúr1. Cineálacha gníomhaíochtaí a maoiníodh de réir bliana (2016-2020)**[4]




*Nóta: Leis an ais cheartingearach tomhaistear líon na ngníomhaíochtaí. Is féidir tionscadail a shannadh do níos mó ná cineál amháin gníomhaíochta. I bhformáid dhifriúil a bhí na sonraí roimh thabhairt isteach an chórais ríomhdheontais in 2016 agus níorbh fhéidir iad a úsáid le haghaidh na hanailíse seo.*

*Foinse: Doiciméid tionscadail le DG JUST (Deontais ghníomhaíochta agus Deontais oibriúcháin).*

Bhí formhór na dtairbhithe le linn na tréimhse 2016-2020 (57 %) ina n-eagraíochtaí neamhbhrabúis[5].

Ba shásra cistiúcháin tábhachtach é an soláthar i gcás roinnt cuspóirí sonracha, agus bhí **345 chonradh** i gceist leis thar an tréimhse ar fad. Ba é ‘an ciníochas agus cineálacha eile éadulaingthe’ an cuspóir sonrach ar baineadh an méid ba mhó úsáide as an rogha chistiúcháin seo ina leith, agus 112 chonradh soláthair i gceist leis le linn na tréimhse.

San iomlán, leithdháileadh thart ar **EUR 81 milliún** ar chonarthaí soláthair le haghaidh seirbhísí. Ba é an cineál soláthair ba choitianta an soláthar le haghaidh gníomhaíochtaí anailíseacha agus faireacháin.

De réir na sonraí a bailíodh, in 2014-2015 ba iad na daoine óga (lena n-áirítear leanaí) an grúpa ba mhó a díríodh orthu maidir le tacaíocht, agus mná agus mic léinn ina dhiaidh sin. In 2016-2020, méadaíodh gráinneacht na ngrúpálacha sprice agus ba iad na gairmithe an grúpa ba mhó a díríodh orthu maidir le tacaíocht, agus mná agus leanaí ina dhiaidh sin. Ar na grúpaí suntasacha eile tá saoránaigh an Aontais, daoine óga agus pobail.

### 2.4. Na príomhrudaí a baineadh amach leis an gclár

Bhí córas táscairí le haghaidh clár REC ina chuidiú agus an méid a baineadh amach leis a thomhas. In Airteagal 14 de Rialachán REC liostaítear táscairí atá ina bhunús le haghaidh faireacháin agus meastóireachta.

Sna sonraí a bailíodh ó thuarascálacha tionscadail léirítear gur tháinig na feachtais faisnéise agus scaipthe chomh fada le **80 milliún duine** nó gur ghlac siad páirt in imeachtaí ardaithe feasachta idir 2016 agus 2020. Áirítear leis an bhfigiúr seo na spriocghrúpaí éagsúla, arb é an

[4]Níl na sonraí le haghaidh 2014-2015 ar fáil.
[5]Níl na sonraí le haghaidh 2014-2015 ar fáil.

pobal i gcoitinne an líon is mó díobh (thart ar 46 mhilliún); agus saoránaigh an Aontais ina dhiaidh sin (thart ar 19 milliún); mná (thart ar 4 mhilliún); agus an pobal eolaíochta, an tsochaí sibhialta, lucht ceaptha beartas, na meáin (thar ar 3 mhilliún); daoine aonair ar den phobal LGBT iad (thart ar 1 mhilliún) agus a dhéanann ionadaíocht ar gnólachtaí/chuideachtaí (thart ar 1 mhilliún).

Ina theannta sin, ghlac thart ar **85 000 duine** páirt in imeachtaí malartaithe agus foghlama frithpháirtí, agus ghlac ar a laghad **1.5 milliún duine** páirt in ngníomhaíochtaí oiliúna.

Bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil, is é an toradh is mó a thuairiscítear **méadú ar eolas agus ar fheasacht páirtithe leasmhara agus tairbhithe deiridh**, toradh a luaitear in **78 % de thionscadail** a raibh tuarascáil theicniúil ar fáil dóibh. Tá sé seo i gcomhréir le loighic idirghabhála an chláir: tá sé beartaithe aige athrú iompraíochta sa tsochaí a spreagadh, rud a bhfuil ardú feasachta ríthábhachtach lena aghaidh.

Leanadh de **645 uirlis agus shásra trasteorann** tar éis dheireadh na dtionscadal, lena n-áirítear grúpaí comhairleacha foirmiúla, meabhrán maidir le comhar/comhaontuithe comhair, agus líonraí.

Le linn a thréimhse cur chun feidhme, fuarthas líon mór iarratas (4 903) le haghaidh chlár REC. Fuarthas thart ar chúig iarratas le haghaidh gach deontas a dámhadh. San iomlán, ba é **17 % an meánráta rathúlachta maidir le deontas a fháil i gclár REC**. Níor leithdháileadh na tionscadail go cothrom ar fud na mBallstát. Is é an phríomhchúis leis sin gur chuir cúpla tír líon mór iarratas suntasach isteach. Tá sé tábhachtach béim a leagan air gur ráthaíodh cumhdach geografach cóir a bhuí leis na deontais oibriúcháin, ar deontais iad lena maoinítear líonraí uile-Aontais den chuid is mó.

Mar aon leis na táscairí a leagtar amach sa Rialachán, forbraíodh roinnt táscairí breise chun an méid a baineadh amach leis an gclár a thomhas.

Cé nach raibh sonraí ar fáil ach ar bhonn páirteach agus é seo á scríobh, is cosúil go raibh sé dúshlánach spriocanna 2020 le haghaidh fhormhór na dtáscairí i ndáil le cuspóir ginearálta an chláir a bhaint amach[6], ós rud é go bhfuil an Eoraip ag teacht amach as cúlú airgeadais fada, cúlú a chuaigh in olcas in 2020 de bharr ghéarchéim COVID-19. Níor baineadh amach ach an sprioc le haghaidh an táscaire maidir le '*céatadán na nEorpach a mheasann go bhfuil eolas "maith" nó "an-mhaith" acu i dtaobh na gceart a theachtann siad mar shaoránaigh den Aontas*', agus é sin i bhfad roimh 2020.

Úsáideadh roinnt táscairí breise chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an chláir ar leibhéal na gcuspóirí sonracha aonair. Sna sonraí atá ar fáil go dtí seo léirítear gur baineadh amach na spriocanna le haghaidh roinnt táscairí nó sáraíodh iad.[7]

I ndáil leis an staid bonnlíne ar tugadh tuairisc uirthi i measúnú tionchair 2011[8] agus i meastóireacht *ex post* 2015 ar thrí réamhchlár (Daphne III, cearta bunúsacha agus saoránacht

---

[6]Chun cur leis an bhforbairt ar limistéar ina ndéantar an comhionannas agus cearta an duine (mar a chumhdaítear iad sa Chonradh ar an Aontas Eorpach, sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta um chearta an duine a bhfuil an tAontas tar éis aontú dóibh) a chur chun cinn, a chosaint agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

[7]Amhail 'Sciar an daonra a mheasann go bhfuil eolas "maith" nó "an-mhaith" acu i dtaobh na gceart a theachtann siad mar shaoránaigh den Aontas', 'Leibhéal muiníne tomhaltóirí sa tsiopadóireacht trasteorann ', 'Céatadán na ndaoine a mheasann nach bhfuil an foréigean baile in aghaidh na mban inghlactha'.

[8]SEC(2011) 1364 Final, ibid.

agus dul chun cinn)[9], léiríonn an fhianaise gur sáraíodh i gclár REC beagnach gach deacracht a sainaithníodh ag an am sin, cé is moite den mhíchothromaíocht gheografach leanúnach.

## 3. TORTHAÍ NA MEASTÓIREACHTA

### 3.1. Éifeachtacht

Bunaithe ar an bhfianaise cháilíochtúil a bailíodh, bhí cur chun feidhme chlár REC éifeachtach agus chuidigh sé chun na cuspóirí foriomlána a bhaint amach. Bhí rath air go háirithe mar gheall ar **cháilíocht fhormhór na dtionscadal**, rud a d'fhág gurbh fhéidir bearta spriocdhírithe a chur chun feidhme, ar nós feachtais feasachta, oiliúint agus cúrsaí oiliúna, foilsiú ábhar, taighde agus sonraí ábhartha. Léiríonn taighde deisce agus obair allamuigh **gur éirigh le beagnach gach tionscadal a tugadh chun críche na torthaí a rabhthas ag súil leo a bhaint amach**.

Gníomhaíochtaí agus torthaí na dtionscadal uile a ndearnadh sampláil orthu, bhí baint dhíreach acu le cuspóirí sonracha an chláir. Tríd is tríd, tugtar le fios leis an bhfianaise a bailíodh gur chuir clár REC le **méadú ar an eolas faoi reachtaíocht bhog agus chrua an Aontais**.

Bhí idirghníomhú casta ann idir tosca inmheánacha agus seachtracha a thacaigh le cur i ngníomh an chláir ach a chuir bac air sin freisin. Den chuid is mó baineann na tosca inmheánacha le deacrachtaí atá nasctha leis an bpróiseas iarratais, le hacmhainneacht inmheánach na gcomhpháirtithe tionscadail, agus le cineál agus cáilíocht an chuibhreannais tionscadail. Baineann tosca seachtracha coiteanna le tionchar ó shuaitheadh seachtrach ar nós phaindéim COVID-19 agus an dúshlán a bhaineann le páirt a thabhairt d'eintitis phoiblí agus do pháirtithe leasmhara sna gníomhaíochtaí atá beartaithe.

Fuarthas amach leis an anailís go n-áirítear ar na tosca is cúis le rath tionscadal de chuid REC cáilíocht na gcomhpháirtíochtaí trína dtugtar eagraíochtaí le chéile le saineolas comhlántach, saineolas a bhain le scileanna bainistíochta agus comhordúcháin agus le taithí ar obair a dhéanamh le spriocghrúpaí ar an talamh. Gné eile den rath is ea cumas na dtionscadal freagairt d'aidhmeanna na nglaonna agus straitéisí fadtéarmacha na n-eagraíochtaí cur chun feidhme á saothrú acu.

### 3.2. Éifeachtúlacht

Léiríonn fianaise cháilíochtúil atá ann cheana **gur mó an tairbhe a bhain le cur chun feidhme na dtionscadal ná na costais a bhain leo** agus, ar an tslí sin, baineadh amach éifeachtúlacht. Ach measann na tairbhithe fós gur fadhb iad na costais a bhaineann leis an ualach riaracháin, go háirithe maidir le nósanna imeachta iarratais agus tuairiscithe. Cé gur aithin an chuid is mó de na tairbhithe gur gné thábhachtach den chostas é an t-ualach riaracháin, d'aithin siad freisin go bhfuil na ceanglais throma riaracháin dlisteanach nuair is trédhearcacht agus cothroime maidir le cistiú poiblí a úsáid atá i gceist.

Meastar go bhfuil **costais riaracháin REC ar an meán nó níos airde ná an meán** i gcomparáid le roghanna eile nach roghanna an Aontais iad nó le cláir náisiúnta. Meastar nach bhfuil ionstraimí cistiúcháin náisiúnta agus idirnáisiúnta chomh dian céanna ó thaobh ceanglais iarratais agus tuairiscithe de.

[9] Meastóireacht *ex post* ón gCoimisiún Eorpach (2015), maidir le cúig chlár a cuireadh chun feidhme faoi pheirspictíocht airgeadais 2007-2013 – tuarascáil chríochnaitheach, ibid.

Ó thaobh **tairbhe** de, cuireann clár REC an deis ar fáil obair a dhéanamh ar leibhéal trasnáisiúnta, dea-chleachtas a roinnt agus caidrimh a fhorbairt le comhpháirtithe cuibhreannais, agus inniúlacht agus saineolas inmheánach a neartú. Tá buntáistí doláimhsithe eile ann freisin, ar nós cáil níos fearr agus **iontaoibh mhéadaithe ar an eagraíocht** de bharr páirt a ghlacadh i dtionscadail a dtugann an tAontas cistiú dóibh.

Sa mheastóireacht sainaithníodh **tearc-chaiteachas in 82 % de na tionscadail** a ndearnadh sampláil orthu. Cé go raibh an tearc-chaiteachas forleathan sa sampla a ndearnadh anailís uirthi, tuairiscíodh tearc-chaiteachas de thart ar 10-12 % sa chuid ba mhó de na tionscadail a ndearnadh agallamh leo, agus cuireadh sin, den chuid is mó, i leith ráig COVID-19 agus an stop a cuireadh le cruinnithe agus gníomhaíochtaí a raibh láithreacht fhisiceach ag teastáil lena n-aghaidh, agus dá bharr sin tháinig laghdú ar chostais taistil agus chothaithe i gcás cruinnithe, ceardlann agus imeachtaí eile.

I gcomparáid lena réamhtheachtaithe, tháinig feabhas ar ghlacadh/ar fhoilsiú pras na nglaonna a foilsíodh faoi chlár REC agus ar intuarthacht na nglaonna sin. De réir na faisnéise a bailíodh trí agallaimh le tairbhithe ar thairbhithe iad i gcláir roimhe sin, **rinneadh na nósanna imeachta bainistíochta agus cur chun feidhme a shimpliú go mór trí na cláir a bhí ann roimhe a chumasc**.

### 3.3. Ábharthacht

Na **riachtanais** a sainaithníodh tráth a glacadh an Rialachán maidir le clár REC, tá siad **fós ábhartha** chun a áirithiú go leanfar de chomhionannas agus de na cearta a chumhdaítear i gCairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus in ionstraimí eile atá ceangailteach ó thaobh dlí a chur chun cinn ar fud an Aontais. Thairis sin, leantar ar aghaidh ag cur an chláir in oiriúint do riachtanais agus do bhagairtí nua a thagann chun cinn, ar nós an mhéadaithe ar an bhfuathchaint.

Leis an anailís deimhníodh freisin go bhfuil na gníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme faoi chlár REC ábhartha do riachtanais na bpáirtithe leasmhara, ar nós feabhas a chur ar an mbonn eolais, dea-chleachtas a roinnt trí fhoghlaim fhrithpháirteach, fothú acmhainneachta, agus tacaíocht struchtúrach a thabhairt do struchtúir eagraíochtúla shonracha. Thairis sin, bhí an clár ábhartha ó thaobh díriú ar na tairbhithe deiridh, is é sin pobal an Aontais, ar deireadh thiar. Deimhníodh an méid sin trí shraitheanna éagsúla d’fhianaise mheastóireachta, ar nós an mhianadóireacht téacsanna, sampláil tionscadal agus comhairliúcháin le geallsealbhóirí.

I dtéarmaí chumas an chláir na tairbhithe is ábhartha a roghnú, sainaithníodh dhá chineál tairbhithe atá an-ábhartha ach ar lú an seans go nglacfaidís páirt ann: (i) údaráis phoiblí, arb í easpa na hacmhainneachta riaracháin agus na n-acmhainní daonna tiomnaithe is cúis leis na baic ar a rannpháirtíocht; (ii) eagraíochtaí beaga pobail a bhfuil an próiseas iarratais an-chasta dóibh agus ar dúshlán dóibh an ceanglas cómhaoiniú a fháil.

### 3.4. Comhleanúnachas

I gclár REC is iad na forbairtí straitéiseacha sonracha agus tosaíochtaí an Aontais a threoraíonn na glaonna ar thograí. Ar an mbealach sin, ba nasc idir tosaíochtaí an Aontais é clár REC, bhí sé i gcomhréir le tionscnaimh eile an Aontais agus bhí sé ag teacht leo, ar nós clár oibre an Aontais 2020 don cheartas, rannpháirtíocht straitéiseach le haghaidh comhionannas inscne 2016-2020, straitéis Eorpach um míchumas 2010-2020, liosta gníomhaíochtaí an Choimisiúin chun comhionannas LGBTI a chur ar aghaidh, agus creat an Aontais do straitéisí náisiúnta maidir le lánpháirtiú na Romach suas le 2020. Tugtar le fios leis an anailís freisin leibhéal áirithe comhleanúnachais le beartais náisiúnta agus le forbairtí ar leibhéal na dtionscadal.

### 3.5. Breisluach an Aontais Eorpaigh

Rinneadh measúnú ar an mbreisluach Eorpach de réir na gceithre chritéar seo a leanas:

1) tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme dhlí an Aontais agus d'ardú feasachta faoi na cearta a eascraíonn uaidh;
2) iontaoibh fhrithpháirteach idir na Ballstáit agus comhar trasteorann a mhéadú;
3) dea-chleachtas a fhorbairt agus a scaipeadh;
4) caighdeáin, uirlisí praiticiúla agus réitigh a chruthú lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin uile-Aontais.

D'éirigh go maith leis an gclár i ngach ceann de na gnéithe sin a bhuí lena nádúr trasnáisiúnta. Sainaithníodh san anailís gnéithe breise de bhreisluach Eorpach an chláir:

- Is foinse thábhachtach maoiniúcháin é a chuireann ar chumas do na tairbhithe tionscadail bhreise a chur chun feidhme lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin ar cuireadh clár REC ar bun chun dul i ngleic leo.
- Cistiú a fháil ón Aontas agus gníomhaíochtaí a chur chun feidhme faoi scáth chlár REC, bhí tionchair dhearfacha aige sin ar na tionscadail ó thaobh cáil níos fearr agus infheictheacht mhéadaithe nach bhféadfadh a fhorbairt le haon ionchur náisiúnta.
- Spreagadh tábhachtach don nuálaíocht ba ea é clár REC mar is beag an cistiú náisiúnta atá ar fáil chun gníomhaíochtaí nuálacha agus trasnáisiúnta a thástáil.
- Gineadh éifeacht raoin[10] le clár REC trí na gníomhaíochtaí a chuir na tairbhithe chun feidhme a leathnú ar bhealach ba dheacair a chothú le hidirghabhálacha ar an leibhéal náisiúnta.

Tugann tairbhithe dá n-aire gur príomhthorthaí a rannpháirtíochta sa chlár iad comhar trasteorann agus comhpháirtíochtaí agus líonraí trasnáisiúnta, chomh maith le foghlaim fhrithpháirteach i measc comhpháirtithe. Is léir an ghné thrasnáisiúnta go háirithe i gcás tairbhithe deontas oibriúcháin, mar gheall ar a sainchúram Eorpach; níorbh fhéidir a ngníomhaíochtaí a fhorbairt ar an gcaoi chéanna le cistiú náisiúnta ná le cistiú nach cistiú ón Aontas é.

### 3.6. Cothromas

Acmhainní agus tacaíocht chlár REC, **níor leithdháileadh go cothrom iad ar fud na dtíortha rannpháirteacha** agus bhí dáileadh acmhainní REC dírithe ar líon beag tíortha – den chuid ba mhó, an Iodáil, an Bheilg, an Ghréig agus an Spáinn, tíortha ina ndéanann iarratasóirí iarratas níos minice. Ach tá cuma éagsúil ar an scéal nuair a chuirtear daonra na dtíortha rannpháirteacha san áireamh, mar tá líon ard tairbhithe ag roinnt tíortha beaga i gcomparáid lena ndaonra (e.g. Málta agus an Chipir). Thairis sin, bhí leibhéal ard rannpháirtíochta ann sa Rómáin agus sa Bhulgáir.

Ar an iomlán, sroicheann cistiú an chláir **spriocghrúpaí éagsúla ar bhealach cothrom**, cé gur díríodh acmhainní chlár REC ar thrí chuspóir shonracha. Ba mhinic a díríodh ar na spriocghrúpaí céanna faoi chuspóirí sonracha éagsúla.

Díríodh acmhainní airgeadais suntasacha ar thosaíochtaí leathana a chur chun cinn, is iad sin comhionannas inscne, cearta leanaí agus cearta daoine faoi mhíchumas. Sa chéim cur chun feidhme, na glaonna ar thograí a bhí dírithe ar inscne, ar chearta daoine faoi mhíchumas agus ar chearta leanaí, ba iad na glaonna ba mhó a eagraíodh faoi na cuspóirí sonracha ábhartha. Cé go bhfuil feasacht mhaith ann ar an tábhacht a bhaineann le príomhshruthú inscne, go

[10] Is é atá i gceist leis an éifeacht raoin 'gníomhaíochtaí atá ann a leathnú trí thacaíocht a thabhairt do ghrúpaí nó do réimsí beartais nach bhfaigheadh tacaíocht den sórt sin murach sin'.

ginearálta tá easpa eolais i measc tionscadal REC ceadaithe faoi dhea-chleachtas maidir leis na cuir chuige is fearr chun aghaidh a thabhairt ar phríomhshruthú inscne i ngníomhaíochtaí a mhaoinítear lasmuigh de thionscadail thiomnaithe. Bíonn sé deacair ar thairbhithe cur chuige inscne a fhoirmliú agus a n-iarratas á fhorbairt acu.

### 3.7. Simpliú

Leis an gcóras a tugadh isteach le déanaí chun iarratais a chur isteach (an tairseach 'Cistiú agus Tairiscintí'), rinneadh an próiseas iarratais a shimpliú agus cuireadh feabhas ar bhailiú agus ar chomhiomlánú sonraí faireacháin. De ghnáth tá dearcadh dearfach ag na tairbhithe ar na huirlisí nua TF a forbraíodh don iarratas agus do bhainistiú deontais agus ceapann siad go bhfuil siad éifeachtach agus éasca le húsáid. Is léir go gceaptar gur forbairt dhearfach é an treocht i dtreo digitiú méadaithe, cé gur féidir fós an próiseas a shimpliú a thuilleadh, go háirithe i ndáil leis an ualach riaracháin a bhaineann leis an doiciméadacht atá ag teastáil ó iarratasóirí.

## 4. CONCLÚIDÍ AGUS AN BEALACH CHUN CINN

Seoladh clár REC 2014-2020 nuair a tháinig laghdú ginearálta ar an méid acmhainní náisiúnta agus cistiúcháin a cuireadh ar fáil le haghaidh saincheisteanna sóisialta agus saincheisteanna a bhaineann le cearta, laghdú arbh iad éifeachtaí na géarchéime eacnamaíche agus airgeadais ba chúis leis. I gcomhthéacs na drochstaide polaitiúla agus eacnamaíche sin, léirigh an clár go raibh **breisluach Eorpach ag baint leis agus go raibh ról ríthábhachtach aige maidir le limistéar Eorpach comhionannais agus ceart a fhorbairt**.

Tá clár REC **fós ábhartha** do riachtanais na bpáirtithe leasmhara agus phobal an Aontais, riachtanais atá ag athrú. Áirithíodh é sin trí **nádúr solúbtha an chláreagrúcháin**, lenar áiríodh riachtanais agus saincheisteanna beartais atá ag teacht chun cinn a chur in ord tosaíochta agus idirphlé le heagraíochtaí na sochaí sibhialta.

Tríd is tríd, bunaithe ar an bhfianaise cháilíochtúil a bailíodh, bhí cur chun feidhme chlár REC **éifeachtach agus chuidigh sé chun na cuspóirí foriomlána a bhaint amach**. Go háirithe, ba é **cáilíocht fhormhór na dtionscadal** a cuireadh chun feidhme le cistiú REC ba chúis leis sin, rud a d'fhág gurbh fhéidir gníomhaíochtaí nithiúla a chur chun feidhme a raibh **baint dhíreach acu leis na riachtanais a bhí ag athrú ar an talamh**.

Léiríonn taighde deisce agus obair allamuigh gur éirigh leis na tionscadail, den chuid ba mhó, na gníomhaíochtaí pleanáilte a chur chun feidhme agus **gur éirigh le beagnach gach tionscadal a tugadh chun críche na torthaí a rabhthas ag súil leo a bhaint amach**.

Tugtar le fios leis an bhfianaise cháilíochtúil a bailíodh leis an staidéar **gur mó tairbhe chlár REC ná na costais**.

Maidir leis an gcás bonnlíne ar tugadh tuairisc air i measúnú tionchair 2011[11] agus i meastóireacht *ex post* 2015 a rinneadh ar na trí chlár ba réamhtheachtaithe (Daphne III, cearta bunúsacha agus saoránacht agus dul chun cinn)[12], léirítear san fhianaise mheastóireachta gur sáraíodh beagnach gach deacracht a sainaithníodh ag an am sin le clár REC, seachas an éagothroime gheografach atá fós ann.

Sainaithníodh sa mheastóireacht freisin roinnt ceachtanna a mbeidh aghaidh á tabhairt orthu sa chlár a thiocfaidh i ndiaidh chlár REC, is é sin clár CERV, go háirithe an gá le creat

[11] SEC(2011) 1364 Final, ibid.
[12] An Coimisiún Eorpach (2015), meastóireacht *ex post* ar chúig chlár a cuireadh chun feidhme faoi pheirspictíocht airgeadais 2007-2013 – tuarascáil deiridh, ibid.

faireacháin níos láidre a fhorbairt lena mbaileofar go córasach faisnéis maidir le haschuir agus le torthaí a bhaintear amach, tuilleadh beart a bhreithniú chun feabhas a chur ar an gcothromaíocht gheografach, cur chuige atá níos dírithe ar thorthaí a chur i bhfeidhm, an t-ualach riaracháin ar iarratasóirí agus ar thairbhithe a laghdú, agus an príomhshruthú inscne a neartú.